**☸An Lúibín☸**
13 Nollaig 2004

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

**Teangacha cánach**
*The Australian Tax Office is multilingual – fifteen languages are used officially, and there are more to come.*

Is deacair cáin a sheachaint i dtír ar bith; san Astráil íoctar í trí theangacha an domhain. Is tréan an iarracht a dhéanann Oifig Chánachais na hAstráile (ATO) an pobal a thabhairt leis (in aghaidh a gcos, b'fhéidir), agus is maith an sás chuige an 'Special Audiences Unit'. Dream iad a chuireann in iúl duit i gcúig theanga dhéag conas cloí le dlíthe cánach. Tá trí oifigeach lánaimseartha ann, dáréag oifigeach páirtaimseartha, agus cúig dhuine dhéag eile a thagann isteach de réir mar is gá. I mbliana chraolaigh siad 3,400 uair an chloig d'ábhar ar SBS agus ar stáisiúin phobail i gceithre theanga dhéag: Araibis, Tuircis, Rúisis, Cróitis, Macadóinis, Seirbis, Polainnis, Gréigis, Iodáilis, Spáinnis, Cóiréis, Vítneamais, agus dhá chineál Sínise – an chaint oifigiúil agus Cantainis. Dealraíonn sé go bhfuil an-éileamh ar chomhairle sna teangacha sin, agus bíonn aischaint raidió ar siúl i gcuid acu. Chomh maith leis sin cuirtear tuairiscí amach sna teangacha úd i gcomhair na nuachtán eitneach.

Níl na féilte féin saor ó chomhairle chánach; is minic an ATO i láthair nuair atá na Sínigh agus na Vítneamaigh ag comóradh na Bliana Úire, agus cuireann an Oifig le sult lucht labhartha Araibise agus Tuircise.

Ní nach ionadh, tá an-ghlaoch ar eolas faoi cánacha gnó; i mbliana bhí os cionn seasca seimineáir ann a bhí ag plé le gnólachtaí beaga, le gnóthaí cíosa, le taifeadadh agus le cánacha pearsanta. Eolas úsáideach é, gan amhras; is maith leis an ATO a rá go bhfuil 'teagasc' ar siúl aici ar na hócáidí seo, ach is mairg don té nach tugann aird ar an teagasc céanna, agus tá aird ag an ATO i gcónaí ar na bealaí a bhféadfadh daoine na dlíthe cánach a shárú i mBéarla nó in aon teanga eile.

Tá an ATO chun triail a bhaint as Seapáinis agus Peirsis anois – léiriú eile ar ilteangachas na tíre, rud nach féidir leis an stát a bheith neamhshuimiúil ann, go háirithe má tá pinginí i gceist.

**Nótaí scannánaíochta**
*There are Australian films – but where is the film industry?*

Is gearr ó dúirt stiúrthóir Astrálach, bean a bhfuil meas ar a saothar, nach tionscal scannánaíochta atá againn anseo ach daoine a dhéanann scanáin. Is mar a chéile iad an Astráil agus Éire sa mhéid sin. Tá daoine sa dá thír a théann i mbun scannánaíochta ó am go chéile, le cúnamh an stáit agus cibé airgead is féidir a mhealladh ó infheisteoirí príobháideacha; uaireanta ní mór dóibh an teach a chur faoi mhorgáiste.

San Astráil is beag scannán a chosnódh os cionn deich milliún dollar; chosnódh a bhformhór i bhfad níos lú. I mbun na scannán beag is fearr sinn, b'fhéidir – na cinn a thugann léargas grinn ar chúlshráideanna an tsaoil. Is annamh a bhraithféa blas filiúnta nó spioradálta orthu; na hEorpaigh is fearr chuige sin, agus táimidne níos tíriúla.

Is gearr ó cailleadh fear a bhí chun tosaigh sna seachtóidí, ré mhór ár gcuid scannánaíochta: Ken Hannan, duine a rugadh i Melbourne agus a tógadh i Sydney, agus a thug a aghaidh ar an mBhreatain ar nós a leithéidí eile. Bhí éileamh air ar an teilifís thall mar stiúrthóir; ach tháinig sé ar ais go ndearna sé 'Sunday Too Far Away' sa bhliain 1973 i gcomhair Chorporáid Scannánaíochta na hAstráile Thiar. Ghnáthaíodh sé an dá thír ina dhiaidh sin, scéal sách coitianta. Inniu rachadh a leithéidí go dtí Meiriceá, áit an airgid mhóir.

Is minic lucht scannánaíochta i dtuilleamaí na stráinséirí anseo: daoine a thagann anseo ar son áiseanna saora, foirne oilte agus costas íseal chun scannáin mhóra nó fógraí a dhéanamh. Faoi láthair tá na strainséirí ag teip orainn. Deirtear go gcaithfidh tú $200,000 a íoc anois as léiriú a chosnódh $120,000 ort bliain ó shin. Anois níl leath na hoibre ag teacht isteach, a bhuíochas sin ar ardú an dollair agus ar phá méadaithe na n-aisteoirí. Is fearr le lucht déanta fógraí an Airgintín, an Afraic Theas, an Úcráin agus an India, mar a bhfuil an costas níos ísle agus na radhairc lán chomh breá. Deirtear go bhfaigheann fo-aisteoiri sa Rúmáin $35.00 sa lá (ní á mhaíomh orthu é), nuair a bheadh ort $250.00 a íoc san Astráil. Léiriú é seo ar cé chomh seansúil is atá ceird seo na mealltóireachta.

Leanfaidh daoine áirithe orthu ag déanamh scánnán anseo más olc maith linn é, cé go ndeirtear nár mhór an seó iad i mbliana. Buailtear an milleán ar dhrochscripteanna agus ar easpa réaltaí; ach, mar a dúirt litir a d'fhoilsigh nuachtán mór le rá le déanaí, na réaltaí atá anois ann ní raibh iontu ach aisteoirí nó gur chuir scannáin Astrálacha chun cinn iad. Deirtear sa litir chéanna gur seoda iad scripteanna maithe agus gurb annamh teacht ar a leithéidí – rud is fíor go leor. Ina dhiaidh sin is uile, go fiú dá mbeadh na réaltaí agus na scripteanna ann bheadh rud eile ag teastáil agus gan fáil air – margadh mór. Tá an tSín agus oirdheisceart na hÁise ag scannánaithe Hong Kong, dream a bhfuil tionscal ceart acu; níl againne ach sinn féin agus margadh neamhchinnnte thar lear.

Is minic é ráite gurb éigean tionscal scannánaíochta a bheith ann chun léargas a thabhairt ar ár n-aigne agus ar ár ndúchas os coinne an tsaoil, agus chun ár bhféiniúlacht a dheimhniú. Ní gá géilleadh ar fad don argóint sin chun a admháil go bhfuil bun éigin léi. Mura bhfuil tionscal ann, bíodh scannáin fhiúntacha ann ar a laghad; agus bíodh daoine ann atá sásta dul sa seans agus a dtreallús a chur in iúl, mar a rinneadh tríocha bliain ó shin.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

**Ó na nuachtáin Ghaeilge**

*The Language Act: what the departments are spending.*
Deir an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, gur 'áibhéil' atá ag baint le go leor de na figiúirí atá á lua le Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm – go háirithe nuair a luaitear céad milliún euró. 'Pingineacha beaga' atá i gceist i ndáiríre, dar leis, mar chaith Ranna Rialtais thart ar 17,000 euró ar an meán sa bhliain 2004. Chuir gach Roinn ráiteas amach i ngeall ar chaiteachas a bhain leis an Acht. Ní raibh ach cúig cinn de na Ranna Rialtais in ann figiúr cruinn a thabhairt; bhí trí Roinn ag cur na bhfigiúirí i dtoll a chéile fós, agus dúirt sé Roinn eile nár chaith siad aon phingin bhreise ar an ngnó. (Ní fios an cnuaisciúin ba bhun leis, nó neamhshuim.)

*TG4's reduced funding affecting Gaeltacht production companies.*
Tá díomá ar Screen Producers Ireland toisc nach bhfuair TG4 breis airgid i gcomhair na bliana 2005. Tá easpa ratha ar chomhlachtaí léiriúcháin teilifíse le beagán blianta anuas, agus dúirt cathaoirleach Screen Producers Ireland go bhfuil laghdú suntasach ag teacht ar líon na ndaoine atá i gceann na hoibre sa Ghaeltacht agus atá ag brath go mór ar TG4. Dúirt sé gur baolach go

mbeadh orthu éirí as an obair nó Baile Átha Cliatha a bhaint amach, agus go dteipfeadh ar TG4 uaireanta craolacháin Gaeilge a mhéadú ó 3.2 uaire in aghaidh an lae go dtí 6 huaire, mar a bhí socraithe acu.

*The use of high technology declines in Ireland.*
Cibé cáil a ghnóthaigh Éire i gcúrsaí teineolaíochta le beagán blianta anuas is beag bun atá léi, de réir suirbhé a rinneadh ar bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Léiríonn an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta go bhfuil Éire ag bun liosta de 25 tír maidir leis méid a chaitear ar éarraí teicneolaíocha, agus – aisteach le rá – gur lú an céatadán de theaghlaigh agus de ghnólachtaí a bhfuil an Idirlíon in úsáid acu i mbliana ná sa bhliain 2003. Tá laghdú 20% tagtha ar an airgead a cuireadh isteach i bhfiontair nua ardteicneolaíochta i gcomórtas le hinfheistíocht na bliana 2003. Dúirt urlabhra fiontraíochta an Fhreasúra go raibh an tír ag cailleadh a cumas iomaíochta, agus go bhfuil baint ag an scéal le hÉire a bheith ar an tríú tír is costasaí san AE ó thaobh earraí agus seirbhísí de.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

**An Nollaig: an chéad chuntas**
*We have made a single story of the Nativity, but it is a composite of accounts in two Gospels; brief stories in which a thousand others are immanent, a sacred trace in secular memory.*

Go fiú na ndaoine a shéanann gur cuntas lom fíreannach é an Tiomna Nua ní shéanfaidís cumhacht na n-íomhánna atá ann. Tá na Trí Dhraoi, an mainséar, na haoirí, na hainmhithe féin fite fuaite i gcultúr coitianta na hEorpa; iad ar taispeáint i bpictiúir, i bhfinscéalta, ar an ardán. Ach ní dhéantar tagairt ar bith don bhreith i dhá cheann de na soiscéalta (na cinn a cuirtear i leith Mharcais agus Eoin); ag Matha amháin atá na Draoithe, agus is é Lúcás amháin a chuireann síos ar an ósta agus ar an mainséar. Seo thíos Matha 2, 1-6:

> Anois nuair a tháinig Íosa ar an saol i mBétlehem in Iúdaea i laethanta an rí Iorua, b'shiúd draoithe ón Domhan Thoir a tháinig go hIarúsailéim agus iad ag fiafraí, 'Cá bhfuil an rí seo na nGiúdach atá tar éis teacht ar an saol? Mar táimid i ndiaidh a réalta a fheiceáil sa Domhan Thoir agus a theacht anseo lena adhradh'. Nuair a chuala an rí Iorua sin, bhí coscairt intinne air féin, agus ar mhuintir Iarúsailéim uile maraon leis; agus chruinnigh sé a raibh ann d'ardsagairt agus de scríobhaithe sa phobal, gur fhiafraigh díobh cá háit a raibh an Críost le teacht ar an saol. Ba é rud a d'inis siad dó, 'I mBétlehem Iúdaea; mar is mar seo atá scríofa ag an bhfáidh:
>
> > "Agus tusa, a Bhétlehem, i dtír Iúda
> > ní tú is lú ar cheannfoirt Iúda;
> > mar is asat a thiocfas an rialtóir
> > a rialós mo phobalsa Iosrael." '

Uimhir dhraíochta is ea a trí, uimhir a bhfuil comhchruthaíocht agus cumhacht ag baint léi agus atá le fáil ar fud an Tiomna (na trí lá, mar shampla, a fhanann Críost sa tuama). Daoine diamhra is ea na Draoithe, iad á nochtadh i nduibheagán na staire, stair úd na gcéad sibhialtachtaí, ré réadóireachta agus asarlaíochta, agus iad ag imeacht ar thóir an Linbh trína scéal féin agus trí scéal is mó ná é sin. Ní ar a dtréithe a aithnímid iad ach ar a gcuspóir, an t-aon chuspóir mór amháin, agus iad á dtreorú ag an réalta dhoilfe: réalta atá idir dhaingean agus shiúlach, agus a lonraíonn i gcónaí in aigne an duine. Cuireann na Draoithe an lámh láidir ag obair dá n-ainneoin féin, marú na bpáistí fir. Tosaíonn agus críochnaíonn scéal an tSlánaitheora le forneart; ach sáraíonn an bhreith é, mar a sháróidh an t-aiséirí.

Scéal gearr is ea scéal an mhainséir, cé gur deacair é sin a chreidiúint agus sinn ag cuimhneamh ar ar fáisceadh as i gcultúr na Críostaíochta agus ar na finscéalta a bhaineann leis: an t-óstóir doicheallach, mar shampla, atá chomh beo sin in intinn na coitiantachta agus nach bhfuil a thuairisc le fáil sa soiscéal féin. Ní fhéadann samhlaíocht an duine gan an scéal a chur ag bláthú ar mhíle bealach, cé go fanann an bunchuntas mar a bhí riamh – ina scéal simplí dúisitheach. Agus tá an taisteal ann, mar a bhí i gcás na nDraoithe: gluaiseacht, tóraíocht den saghas a théann i ngreim sa tsamhlaíocht i gcónaí, agus stad faoi dheireadh san áit a bhfuil an Leanbh; áit ar ceann riain í agus tús aistir eile.

Seo Lúcás 1, 1-16:

> Ba sna laethanta úd a chuaigh forógra amach ó Chaesar Agustas le hordú go gclárófaí ainmneacha an tsaoil uile. Ba é sin an chéad chlárú nuair a bhí Cirénius ina uachtarán ar an tSír. Agus chuadar uile go léir le bheith cláraithe, an uile dhuine ag tarraingt ar a chathair féin. Agus chuaigh Iósaf suas mar dhuine ó Ghalalaí, ó chathair Nasair, go hIúdaea, go cathair Dháibhí dá ngairtear Bétlehem, ós rud é go mba de theaghlach Dháibhí é féin de réir folaíochta, chun go gclárófaí é féin agus Muire a bhean a raibh lámh agus focal idir é agus í, agus í ag iompar clainne. Agus nuair a bhí siad ansin, tháinig a haimsir. Agus rugadh a céad duine clainne di agus d'fháisc sí i gcrios ceangail é, agus chuir sí ina luí i mainséar é, ó nach raibh áit acu dóibh san ósta.
>
> Agus bhí aoirí amuigh i bpáirceanna sa cheantar úd, agus iad ag faire ar a dtréad san oíche. Agus nocht aingeal an Tiarna dóibh, agus lonraigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí dianeagla orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo, 'Ná bíodh eagla oraibh; mar féachaigí, táim ag teacht chugaibh le scéal áthasach a insint daoibh faoin lúcháir atá le bheith ar na daoine uile; óir is inniu a saolaíodh an Slánaitheoir daoibh i gcathair Dháibhí, agus is é an Tiarna Críost é. Agus is é an comhartha daoibh, go bhfaighidh sibh leanbh á fháscadh i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar'. Agus i dtobainne b'shiúd slua de shluaite na bhflaitheas i gcoimhdeacht an aingil agus iad ag moladh Dé agus ag rá: 'Glóir do Dhia in ard na bhflaitheas, agus síocháin ar talamh i measc na ndaoine a bhfuil aoibh aige iontu!'
>
> Ní luaithe a d'imigh na haingil uathu isteach san fhlaitheas ná dúirt na haoirí le chéile, 'Téimis soir go Bétlehem go bhfeicfimid an ní seo a tharla, a d'fhoilsigh an Tiarna dúinn'. Agus chuadar ann le deifir, go bhfuair siad Muire ann agus Iósaf, agus an leanbh ina luí sa mhainséar.

(Tógadh na sleachta as *An Tiomna Nua*: an tOirmh. Coslett Ó Cuinn a d'aistrigh, agus Cumann Gaelach na hEaglaise a d'fhoilsigh, i gcomhar leis an Hibernian Bible Society.)

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Mura mian leat an nuachtlitir seo a fháil, cuir teachtaireacht chun: colger@melbpc.org.au

Colin Ryan